Sinn Féin

NUACHTLITIR EORPACH

EAGRÁN 5

ARDFHEIS SHINN FÉIN IN ÁTH LUAIN:

# FÍS DO RIALACHAS IONCHUIMSITHEACH AGUS AITHEANTAS DOMHANDA




**Leasuachtarán Shinn Féin Michelle O'Neill - An Chéad Aire Ainmnithe**

Ní hamháin gur teacht le chéile de bhaill an pháirtí a bhí in Ardfheis Shinn Féin a tharla le déanaí in Áth Luain, ach ardán ag lonrú le cuisle an athraithe agus an dul chun chinn.

Thacaigh An Chéad Aire do Chách, Michelle O'Neill, Leasuachtarán Shinn Féin, le téama an rialachais ionchuimsithigh agus leis an ngéarghá don DUP deireadh a chur lena bhaghcat ar Chnoc an Anfa. D'iarr sí ina hóráid ar airí áitiúla filleadh ar a ndualgais, ag cur béime ar an riachtanas go ndéanfaí cinntí áitiúla ar mhaithe le leas an phobail.

"Cuireann an baghcat ar Chnoc an Anfa bac orainn mar phobal dul chun cinn a dhéanamh. Tá airí áitiúla uainn, agus iad rannpháirteach agus ag déanamh cinntí ríthábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar gach duine againn," a mhaígh sí.

Sárthaispeántas a bhí san imeacht de rannpháirtíocht dhaonlathach, le toscairí ag cur réimse ollmhór tuairimí in iúl. Chuir an Leasuachtarán Michelle O'Neill a meas in iúl ar dhoimhneacht agus ar éagsúlacht na smaointe a chuir na baill chun tosaigh, ag aithint an chomhthiomantais chun todhchaí níos fearr a thógáil don uile dhuine in Éirinn.

Is é a léirigh fíorshuntas na hArdfheise ná comrádaithe mór le rá ón Eoraip a bheith i láthair. Luaigh O'Neill láithreacht Ambasadóirí agus Cheannairí Páirtithe Polaitiúla, a léirigh a spéis i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann. Bhí óráidí Ambasadóir na Palaistíne chun na hÉireann agus cheannairí EH Bildu Thír na mBascach agus ECR na Catalóine ach go háirithe an-mhothúchánach. Chuaigh a bplé ar an gceart chun féinchinntiúcháin i bhfeidhm go mór, ag leagan béime ar an bhaint atá ag aistear na hÉireann chun an fhéinrialaithe le cúrsaí Domhanda.

"San Eoraip, táthar ag féachaint ar Éirinn. Ní hamháin go mbeidh tionchar ag an bhféidearacht go mbeimis i gceannas ar rialtais ó thuaidh agus ó dheas i bhfeidhm ar ár náisiún, ach beidh tionchar aige sin ar an ardán idirnáisiúnta", a dúirt an Chéad Aire ainmnithe, Michelle O'Neill.

Leag sí béim ar thiomantas Shinn Féin do chlár síochánta agus forchéimnitheach, ceann a throideann ar son chearta gach pobail agus a dhéanann iarracht sochaí chothrom agus chóir a chruthú. Ní hamhain gur cúis dóchais í an féidearacht go mbeidh ceannaireacht Shinn Féin chun tosaigh don náisiún, ach don Domhan trí chéile.

"Is í an sprioc atá againn ná ceannaireacht mhacánta agus ionchuimsitheach a chur ar fáil. Táimid ullamh cuidiú go suntasach, ní hamháin le hÉirinn ach leis an Domhan, mar lóchrann de rialachas forchéimnitheach," a dúirt O'Neill mar fhocal scoir.

Ba mhó Ardfheis Shinn Féin in Áth Luain ná teacht le chéile polaitiúil; léiriú a bhí inti ar chumhacht na haontachta, na físe comhchoitinn, agus an ghealltanais go bhfuil todhchaí níos gile agus níor cothroime i ndán dúinn go léir.




**Uachtarán agus Leasuachtarán Shinn Féin Mary Lou McDonald agus Michelle O'Neill ag Ardfheis SF le hionadaithe tofa SF**

# Cruinnithe i Liospóin

**Bhí cruinnithe ag toscaireacht Shinn Féin le hAire Gnóthaí Eachtracha na Portaingéile - João Cravinho, Uachtarán Pharlaimint na Portaingéile - Augusto Ernesto dos Santos, Ambasadóir na hÉireann chun na Portaingéile - Alma Ní Choigligh, páirtithe polaitiúla lena n-áirítear An Páirtí Sóisialach (PS), Bloco de Esquerda (Bloc Clé) agus Partido Comunista Português (PCP), agus labhair siad le Cumann an Phreasa Idirnáisiúnta.**

**In éineacht le hUachtarán Shinn Féin bhí a Chef de Cabinet, Dawn Doyle.**

**Thacaigh Ionadaí Shinn Féin chun na hEorpa, Martina Anderson, leis an toscaireacht.**



**Cruinniú le hUachtarán Parlaiminte na Portaingéile - Augusto Ernesto dos Santos**



**Cruinniú leis an bpáirtí atá i gcumhacht sa Phortaingéil, An Páirtí Sóisialach (PS) agus Bloco de Esquerda (Bloc Clé) agus Partido Comunista Português (PCP)**



**Cruinniú le hAmbasadóir na hÉireann chun na Portaingéile - Alma Ní Choigligh**



**Ag labhairt le Cumann Preasa Idirnáisiúnta na Portaingéile**



**Cruinniú Uachtarán Shinn Féin Mary Lou McDonald agus Urlabhraí Gnóthaí Eachtracha SF Matt Carthy le hAire Gnóthaí Eachtracha na Portaingéile i Liospóin - João Cravinho**

# IS FÉIDIR LE TÍORTHA NEODRACHA SEASAMH MAR IDIRGHABHÁLAITHE NEAMHCHLAONTA IN EASAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Thug Uachtarán Shinn Féin Mary Lou McDonald TD agus an tUrlabhraí Gnóthaí Eachtracha Matt Carthy TD cuairt ar an bPortaingéil, áit ar fhreastalaíodar ar chruinnithe le hUachtarán Pharlaimint na Portaingéile, le ceannairí Parlaiminte páirtithe polaitiúla agus le hAire Gnóthaí Eachtracha na Portaingéile. Chomh maith leis sin, labhair siad leis na meáin idirnáisiúnta maidir le cúrsaí polaitíochta in Éirinn ag Cumann an Phreasa Idirnáisiúnta i Liospóin.

Le linn na gcomhráite, labhair Uachtarán Shinn Féin Mary Lou McDonald agus Matt Carthy le ceannairí maidir leis an athrú atá ag tarlú in Éirinn, na buntáistí a bhainfeadh le hÉirinn Aontaithe do gach pobal agus an gá ullmhúcháin a thosú d'athrú bunreachtúil ar an oileán.

Ina theannta sin, phléigh siad an chaoi a bhfuil an Phortaingéil ag dul i ngleic le fadhbanna cosúil leis an tsláinte, polasaí tithíochta, agus gníomhú ar son na haeráide.

Mhínigh siad fís Shinn Fein maidir le ról na hÉireann sa phobal idirnáisiúnta agus an tábhacht a bhaineann le tíortha cosúil le hÉirinn atá neodrach go míleata, agus an fáth a bhfuil tíortha neodracha, neamhailínithe laistigh den Aontas Eorpach, Éire san áireamh, an-tábhachtach do sheasamh domhanda an AE agus a thiomantas don taidhleoireacht agus don tsíocháin.

Dúirt Mary Lou McDonald TD go bhfuil an neodrachas ina ghné lárnach nach mór a lua go sonrach i gconarthaí AE, ag tagairt do roinnt cúiseanna an-láidir:

"Déanann an tAE amach, mar eagraíocht fhornáisiúnta, go dtroideann sé ar son réiteach síochánta coimhlinte agus taidhleoireachta go hidirnáisiúnta.

"Agus tíortha mar Éirinn ina mballstáit den Aontas, a bhfuil polasaí neodrachas míleata acu, léiríonn an tAontas a thiomantas don neamhionsaitheacht agus don tsíocháin.

"Is féidir le tíortha neodracha seasamh mar idirghabhálaithe neamhspleácha in easaontuithe idirnáisiúnta. Toisc nach bhfuil siad i gcomhghuaillithe míleata le mórchumhachtaí, is féidir leo tabhairt faoin taidhleoireacht go neodrach, rud atá sárluachmhar nuair a iarrtar ar an AE bheith mar idirghabhálaí i gcoimhlintí nó páirt a ghlacadh in idirbheartaíocht síochána."

Tá stair fhada ag Éirinn sa taidhleoireacht agus sa tsíochánaíocht, agus dá bharr seo, d'oirfeadh na róil seo go maith don tír.

Dúirt Urlabhraí Gnóthaí Eachtracha Shinn Féin gur "mór againn an deis seo fís Shinn Féin d'Éirinn ar an ardán idirnáisiúnta a leagan amach agus uasdátú a thabhairt do cheannairí na Portaingéile maidir le cúrsaí ar fud na hÉireann.

"Leagamar amach fís Shinn Féin faoin gcaoi a dtugann neodrachas na hÉireann ról sainiúil d'Éirinn san Eoraip.

"Buntáiste don AE is ea na ballstáit neamhailínithe, a ligeann dó a chuid luachanna agus spriocanna a chur chun cinn i mbealach níos éifeachtaí, agus é ag maíomh gur cheannaire san iltaobhachas, cearta daonna agus síochain dhomhanda atá ann.

# Ní mór don AE a phort a athrú ar an bPalaistín - nó caillfear muinín ann

LE MATT CARTHY

Má bhí amhras ar aon duine maidir leis an ngá go gcloífeadh Éire lena beartas idirnáisiúnta neamhspleách, glanadh an t-amhras sin ar an lá a chuaigh Uachtaráin an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa go Tel Aviv, ag tabhairt tacaíochta gan choinníoll d'Iosrael agus í ag tabhairt faoi ionsaí fíochmhar mídhleathach ar Ghaza. Bhí freagra an-chuid ceannairí idirnáisiúnta do ghníomhartha Iosrael le déanaí náireach ar fad. Faraor, is fíor seo go háirithe maidir leis an AE.




Matt Carthy, urlabhraí Gnóthaí Eachtracha Shinn Féin

Theip orthu cáineadh leanúnach a dhéanamh ar ionsaitheacht Iosrael, agus uaidh seo tá an tAontas Eorpach ag cailliúint aon chreidiúnacht mar ghuth na síochána, an dlí idirnáisiúnta agus bunrialacha an chine dhaonna a fhad is nach seasann sé an fód.

Is gonta an chodarsnacht idir sin agus an seasamh tapaidh, díreach agus, ar ndóigh, ceart a ghlac an tAE mar fhreagra ar ionradh mídhleathach na Rúise ar an Úcráin. Ach lagaítear an seasamh maidir leis an Rúis agus an Úcráin nuair a ligtear do chaighdeán difriúil i dtaobh Iosrael agus na Palaistíne. Bhí gníomhartha Hamas ar an 7ú Deireadh Fómhair uafásach ar fad, agus tá gach duine stuama ar fud an Domhain tar éis iad a cháineadh.

Ach, níor thosaigh an stair ar an 7ú Deireadh Fómhair agus ní thugann coireanna cogaidh an lae sin aon chosaint do na coireanna cogaidh atá déanta ag Iosrael gach lá ina dhiaidh.

Ag díriú ar shibhialtaigh d'aon ghnó, na mílte leanbh ina measc, agus iad a mharú; bombardú agus scriosadh a dhéanamh ar bhonneagar sibhialtach; díbirt éigeantach a dhéanamh ar beangach 2 mhilliún duine agus breosla, bia agus uisce do dhaonra sibhialtach a choinneáil siar - sáruithe déisteanacha ar an dlí idirnáisiúnta is ea iad seo. Sin gan fiú cuimhneamh ar na sáruithe go léir eile ar an dlí idirnáisiúnta atá á ndéanamh ag Iosrael ar mhuintir na Palaistíne leis na blianta anuas - forghabháil, cinedheighilt, ionghabháil, pionós ar shibhialtaigh i gcoitinne, gabháil riartha, agus ionsaithe gan stad ar dhaonra neamhchiontach na Palaistíne; is liosta le háireamh é.

Caithfear rud éigin a dhéanamh mar fhreagra, mar ní stopfaidh Iosrael go dtí go ndéarfaidh an Domhan 'stop'. Mura dtagann ceannairí idirnáisiúnta chun gníomhú ina leith seo, caithfidh tíortha cosúil le hÉirinn ceannaireacht a thabhairt. Ach, mura n-athraíonn an tAE a phort, caillfear muinín ann cáineadh a dhéanamh ar réimis bhagracha eile nó a rá gur guth ar son na síochána agus réiteach coimhlinte atá ann.




An Seanadóir Paul Gavan, Sinn Féin

## Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (TPCE)

Mar bhall de Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (TPCE), Tionól Cearta Daonna na hEorpa, tá an Seanadóir SF Paul Gavan ag tabhairt faoi roinnt tograí chun tuaisceart na hÉireann a chur i lár an aonaigh.

Le bliain anuas, d'éirigh le Paul tuairisc a fháil ón Tionól ar thionchar an Bhreatimeachta ar chearta daonna in Éirinn.

Rinne an tuairisc, a dtacaíonn breis is dhá thrian de bhaill an Tionóil léi, an-cháineadh ar rialtas na Breataine maidir lena sheasamh ar an bPrótacal, a Bhille Leagáide (mar a ghlaotar air), agus a chuid gníomhartha aontaobhacha a dhéanann dochar do Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Sheol an tuairisc teachtaireacht shoiléir ón Tionól chuig Rialtas na Breataine maidir leis an ngá meas a léiriú ar chearta daonna, ar dhlínse na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint, agus gan gníomhú go haontaobhach.

Deir Tuairisc TPCE: "Tá an Breatimeacht mar chúis cheana féin le lagú chearta shaoránaigh na hÉireann agus AE i dTÉ agus tá an baol ann go rachaidh sé seo in olcas sa todhchaí".

Chomh maith leis sin, luaitear "cúiseanna imní nach beag" maidir leis an gcaoi nach dtagann Bille Leagáide Rialtas na Breataine, mar a ghlaotar air, le Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Anuas air seo, d'éirigh le Paul teachtaireacht shoiléir imní a fháil ó Chomhairle na nAirí na Comhairle Eorpaí maidir leis an mBille 'Leagáide' trí cheist pharlaiminte.

Chuir Aire Gnóthaí Eachtracha na hÍoslainne, Thórdís Kolbrún Reykfjord Gylfadóttir, "cúiseanna imní nach beag" in iúl toisc nach leanann an Bille an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD), ag rá nach gcuirfeadh sé ceartas ar fáil d'íospartaigh. Nuair a rinneadh dlí den Bhille, dúirt roinnt tacadóirí Cearta Daonna (Coimisinéir Cearta Daonna Chomhairle na hEorpa Volter Türk agus Comhairle na nAirí san áireamh) le rialtas na Breataine go mbriseann an "tAcht Leagáide" dlí idirnáisiúnta.

Mar fhreagra ar chúiseanna imní atá ag neartú maidir le cearta daonna sa tuaisceart, d'éirigh le Paul le déanaí tuairisc nua a fháil ar 'Cur i bhFeidhm Chomhaontú Aointe an Chéasta' tar éis dó tairiscint a chur síos i gcomhair rúin, a gceaptar go ndéanfar díospóireacht air i 2024.

Dúirt an Seanadóir Paul Gavan, roimh cheapachán rapóirtéara, go bhfuil "fíorbhuairt sa TPCE go bhfuil cosantaí Cearta Daonna, atá ina gcuid lárnach de Chomhaontú Aoine an Chéasta, faoi ionsaí leanúnach ó Thóraithe na Breataine. Cuirfear fáilte roimh an tuairisc thráthúil seo de chuid TPCE ar chur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta."

# Feisirí ón tSualainn ar cuairt chun na hÉireann

Chuir Méara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Bháin, an Comhairleoir Patricia Logue, fáilte roimh fheisirí Sualannacha Håkan Svenneling, Hanna Gunnarsson agus Madeleine Svenneling go dtí an t-iarthuaisceart chun plé a dhéanamh ar dhúshláin an toghcheantair teorann seo mar thoradh ar an mBreatimeacht. Tharla cruinnithe le páirtithe leasmhara, le hionadaithe polaitiúla ón tuaisceart agus ón deisceart san áireamh, grúpaí pobail agus eagraíochtaí cearta daonna.

Tar éis na cuairte, dúirt an Méara Logue: "Cúig bliana is fiche tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta, is tábhachtach go n-aithníonn an pobal idirnáisiúnta an méid atá bainte amach agus tábhacht ról an AE ag tacú le cearta na saoránach anseo trí Chomhaontú Aoine an Chéasta a chosaint ina iomláine, ag cinntiú nach n-eiríonn an teorainn níos daingne de dheasca an Bhreatimeachta.

Lean an Comhairleoir Logue ar aghaidh: "Chuir an Breatimeacht le comhráite maidir le hathrú bunreachtúil ar an oileán seo. Vótáil daoine anseo go láidir ar son fanacht laistigh den Aontas Eorpach, agus in áiteanna cosúil le Doire agus an Sráth Bán braitheann ár ngeilleagar ar an gceart chun saorghluaiseachta daoine agus earraí. Tá an réiteach ar na fadhbanna a chruthaigh an Breatimeacht ag éirí níos soiléire agus níos soiléire do dhaoine anseo, chun athghabháil a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht Eorpach mar chuid d'Éirinn nua, aontaithe.

"Ábhar dóchais a bhí ann don toscaireacht réimse mór tuairimí ó gach taobh den speictream polaitiúil a chloisteáil, agus an caidreamh atá againn lenár gcomhairle in aice láimhe i nDún na nGall a fheiscint, agus cloisteáil ó eagraíochtaí pobail atá buailte go dona ó cailleadh maoiniú ón Eoraip."

Críochnaigh an Méara: "Tá súil agam go raibh an chuairt bhailithe eolais seo áisiúil don toscaireacht agus go mbainfidh siad úsáid as a nguth laistigh den phobal idirnáisiúnta ar mhaithe le síocháin, dul chun cinn agus dóchas do mhuintir na hÉireann."



**Méara Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Bháin, an Comhairleoir Patricia Logue, le Comhairleoirí Ryan McCready, Christopher Jackson agus feisirí Sualannacha.**

***Feisirí Sualannacha Håkan Svenneling, Hanna Gunnarsson, Linda Snecker agus Madeleine Nyvall le Ceann Comhairle an Tionóil ag Cnoc an Anfa, na príomhpháirtithe polaitiúla, an feisire John Finucane, Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach Inis Eoghain chomh maith le Leaschathaoirleach Leitir Ceanainn, Teachtaí Dála i dTeach Laighean, agus grúpaí pobail agus gníomhaithe cearta daonna i mBéal Feirste agus Doire.***










# ACHT LOCHTACH LEAGÁIDE NA BREATAINE

Tá parlaiminteoirí fud fad na hEorpa ag fiafraí dá nAirí Gnóthaí Eachtracha cén céimeanna a bheidh á moladh acu agus ag a gcomhghleacaithe Eorpacha maidir le sárú rialtas na Breataine ar a dhualgais idirnáisiúnta chearta daonna.

Is léir go bhfuil rialtas na Breataine ag sárú a dhualgas mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Phrótacal Tharraint Siar na Breataine as an Aontas Eorpach.

Leagann Airteagal 2 amach go soiléir nár chóir go mbeadh aon lagú ar na cearta a aithnítear i gComhaontú Aoine an Chéasta de dheasca an Bhreatimeachta. Tá Cearta na nÍospartach le fáil sa chaibidil 'Cearta agus Deiseanna' sa Chomhaontú.




Ó tharla an Breatimeacht, tá rialtas na Breataine ag baint de chearta na n-íospartach, mar a léirítear go soiléir i bhforálacha an Achta Leagáide atá cáinte ag gach páirtí polaitiúil in Éirinn agus ag gach eagraíocht chearta daonna go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, Coimisinéir um Chearta Daonna na Náisiún Aontaithe san áireamh.

Tá an-imní cruthaithe ag Acht Leagáide rialtas na Breataine ar fud na hEorpa, ag spreagadh díospóireachtaí, comhráite agus buairt fhorleathan.

Tá fíorcháineadh agus grinnscrúdú ag tarlú go hidirnáisiúnta maidir leis an moladh reachtaíochta, a bhfuil sé mar sprioc aige saighdiúirí na Breataine a chosaint ó ionchúiseamh maidir le coireanna stairiúla a rinneadh le linn oibríochtaí míleata thar lear.

Ag croílár an Achta, cruthaítear bac dlíthiúil a chosnaíonn iarshaighdiúirí ó ionchúiseamh maidir le gníomhartha a tharla le linn coimhlintí thar sáile.

Tháinig freagra na hEorpa don reachtaíocht seo go tapaidh agus go doshéanta.

Tá an tAontas Eorpach, chomh maith le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta cearta daonna, go hiomlán i gcoinne na reachtaíochta seo, ag maíomh go sáraítear dualgais dhlíthiúla idirnáisiúnta na Breataine agus go lagaítear an tiomantas idirnáisiúnta don cheartas agus don fhreagracht inti.

Taispeántar i neart an easaontais ó náisiúin na hEorpa an fhíorbhuairt atá fréamhaithe go domhain maidir le dosháraitheacht an dlí idirnáisiúnta agus chosaint chearta daonna.

# IS CHUN LEAS NA TÍRE ATÁ AN FÉINCHINNTIÚCHÁN AGUS REIFRINN AR AN AONTACHT

Declan Kearney - Sinn Féin






Tá an feisire SF Declan Kearney tar éis na dúshláin atá fós le sárú do chéad chéim eile an Phróisis Síochána a leagan amach agus cáipéis nua pholasaí an pháirtí, 'Éire nua do Chách', á chur i láthair aige.

Ag labhairt le déanaí ag Ardfheis an pháirtí in Áth Luain, dúirt Cathaoirleach Náisiúnta an pháirtí: "Cúig bliana is fiche tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta, tá sé in am tús a chur le chéad chéim eile ár bPróisis Síochána. Is é an dúshlán atá os ár gcomhair amach inniu ná go bhfeidhmeodh an córas polaitiúil, agus pleanáil a dhéanamh don cúig bliana is fiche atá le teacht: chun dul i ngleic leis an seicteachas agus an t-athmhuintearas a bhaint amach.

"Tá guthanna suntasacha nua ó fhéiniúlachtaí éagsúla an Phrotastúnachais agus an aontachtachais ag déanamh plé anois ar athrú bunreachtúil.

"Comhrá ríthábhachtach agus riachtanach atá ann tuiscint a fháil ar fhéiniúlachtaí Protastúnacha, agus plé a dhéanamh leo, agus sinn ag bainistiú an athraithe seo.

"Tá fíordhualgas ar phoblachtánaigh plé a dhéanamh le Protastúnaigh agus le haontachtaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcúiseanna buartha reatha. Is ann do na cúiseanna buartha seo.

"Tá cúlra polaitiúil casta againn de bharr oidhreacht an choilíneachais, agus leithscaradh seicteach. Léiríonn cúrsaí tithíochta agus oideachais fírinne struchtúrtha an tseicteachais.

"Tá teipthe ar chur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Bhille na gCeart, agus tá sé seo ag croílár na faidhbe.

"Leagtar amach inár gcáipéis nua pholasaí, 'Éire nua do chách', na dúshláin atá fós le sárú chun deireadh a chur le leithscaradh seicteach agus chun dul i ngleic le meoin sheicteacha, agus chun athmhuintearas a bhaint amach laistigh de chomhthéacs an athraithe bhunreachtúil agus pholaitiúil.

"Deireadh a chur le leithscaradh seicteach, agus timthriall an tseicteachais a bhriseadh – caithfear iad seo a fhréamhú i ngach próiseas polasaí poiblí. Sin le rá gur gá athnuachan a dhéanamh ar fheidhmiú institiúidí rialtais sa tuaisceart, agus ar bhonn thuaidh/theas, chun an chuspóir sin a bhaint amach.

"Ní féidir an chiall dhaonlathach a bhaineann le hathrú a bhainistiú a shéanadh a thuilleadh. Sin an fáth ar chóir do rialtas na hÉireann, agus iadsan a bheidh i gcumhacht sa Bhreatain sa todhchaí, tús a chur le pleanáil agus le hullmhúchán don aistriú chun na haontachta.

"Tá an lá tagtha chun Tionól Saoránach a bhunú ar an athaontacht.

"Is chun leas na tíre atá féinchinntiúchán agus reifrinn ar an aontacht: chun fíordhíospóireacht dhaonlathach a oscailt ar ár dtodhchaí chomhchoitinn ar an oileán seo a théann i ngleic le tosaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta oibrithe agus teaghlaigh sna 26 Chontae; a chruthaíonn samhail gheilleagair uile-Éireann a fhreagraíonn do riachtanais na ndaoine, agus, don chéad uair, deis chun Poblacht a dhearadh atá dírithe ar an saoránach, agus bunaithe ar chearta, agus a dhéanann ceiliúradh ar ár n-éagsúlacht náisiúnta.

# LÉIRÍONN PARLAIMINT THÍR NA MBASCACH TACAÍOCHT DO CHOMHAONTÚ AOINE AN CHEÁSTA AGUS MOLTAR CUAIRT OIFIGIÚIL CHUN NA hÉIREANN

Ag seisiún de chuid an Choiste um Ghnóthaí Eorpacha agus Ghníomhaíocht Sheachtrach ar an 10ú Samhain 2023, thacaigh Parlaimint Thír na mBascach go soiléir le Comhaontú Aoine an Chéasta, ag cur an-áthais in iúl le ról an Chomhaontaithe mar bhunús do phróiseas síochána atá tar éis cobhsaíocht agus comhmhaireachtáil a chothú go rathúil i dtuaisceart na hÉireann.

Chuir EH Bildu an rún chun cinn agus thacaigh tromlach na bpáirtithe eile sa Teach leis (EAJ-PNV, EH Bildu, PSE-EE agus Elkarrekin Podemos-IU, a bhfuil 68 as 75 suíochán acu sa Pharlaimint).

Chuaigh an Coiste go láidir i gcoinne iarrachtaí moill a chur ar chur i bhfeidhm na bprionsabal a leagtar amach sa Chomhaontú agus lorgaíodh athbhunú na normáltachta institiúidí sa tuaisceart. Anuas air sin, moladh iarrachtaí dearfacha an Choimisiúin Eorpaigh as idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phrótacail ar Éirinn.

I gcéim réamhghníomhach, mhol Parlaimint na mBascach cuairt oifigiúil chun na hÉireann, ó thoscaireacht ón gCoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus Ghníomhaíocht Sheachtrach.

Is í sprioc na cuairte comhlíonadh Chomhaontú Aoine an Chéasta a chinntiú, ag leagan béime ar thiomantas Pharlaimint na mBascach cinnte a dhéanamh de go gcloífear agus go n-éiríonn le prionsabail an chomhaontaithe síochána stairiúil seo.

Chuir Oihana Etxebarrieta, feisire de chuid EH Bildu agus tacadóir leis an rún, áthas in iúl leis an tacaíocht a fuair an togra ó pháirtithe difriúla.

Chuir sí béim ar thábhacht an rúin agus mhol sí an t-iarchúram a rinne Parlaimint na Tíre leis na blianta anuas maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta agus a chur i bhfeidhm.



## Eiseamlár don Chatalóin is ea béim Chomhaontú Aoine an Chéasta ar an bhféinchinntiúchán agus an daonlathas

Le Jordi-Solé I Ferrando na Catalóine

**Bhí Uachtarán Esquerra Republicana Oriol Junqueras agus an Feisire Eorpach Jordi Solé ar chuairt bhailithe eolais chun na hÉireann, agus bhí cruinniú acu le Cathaoirleach SF Declan Kearney agus Iaruachtarán SF, Gerry Adams.**

**Sleachta as alt a scríobh Jordi Solé ón Esquerra Republicana atá sa mhéid seo a leanas, bunaithe ar ar chuala agus ar fhoghlaim siad in Éirinn.**

**"Siombail chumhachtach den taidhleoireacht, den tsíocháin agus de thábhacht an nirt pholaitiúil is ea Comhaontú Aoine an Chéasta, atá cúig bliana is fiche d'aois i mbliana..**

**Leag Gerry Adams, a bhí lárnach i gcruthú an Chomhaontaithe, béim ar shuntas ról Shinn Féin le linn ár gcruinnithe i mBéal Feirste.**

**Dúirt sé go mbaineann an-tábhacht le neart daonlathach an pháirtí idirbheartaíochta chun tionchar a bheith acu ar thoradh na bpléite polaitiúla. Go bunúsach, tá seans go mbeadh téarmaí an Chomhaontaithe difriúil dá mba rud é go raibh níos mó nirt pholaitiúil ag Sinn Féin ag an am.**

**D'aithin an Comhaontú go bhfuil an dá thoilmhian pholaitiúil laistigh de thuaisceart na hÉireann comhdhlisteanach - an athaontacht agus aontacht leanúnach leis an mBreatain. Lorgaíodh comhmhaireachtáil shíochánta agus, go suntasach, rinneadh imlíniú ar an bhféidearacht go mbeadh refireann féinchinntiúcháin ar athaontú an oileáin.**

**Cé gur chabhraigh cúig bliana is fiche den tsíoch_áin le seanchneácha a leigheas agus fás geilleagrach a chur chun cinn, tá mórán dúshlánn le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Léiríonn an teip rialtas a bhunú i dtuaisceart na hÉireann le 20 mí anuas an gá le hathmhuintearas leanúnach.**

**Le linn ár gcuairte, bhí cruinniú againn le hArdmhéara Bhéal Feirste Ryan Murphy, Ceann Comhairle an Tionóil Reachtúil, Alex Maskey, a leag béim ar a ndualgas ionadaíocht a dhéanamh do gach saoránach, beag beann ar a ngéillsine pholaitiúil. Tá an tiomantas seo don athmhuintearas le feiceáil i siombaileachas an phíosa bháin de bhratach na hÉireann, a sheasann do shíocháin idir Caitlicigh agus Protastúnaigh.**

**Chuamar chomh maith go dtí Ionad Oidhreachta Poblachtaí Rodaí Mhic Chorlaí agus suíomhanna cuimhneacháin i gceantair phoblachtánacha agus aontachtacha. Is meabhrú iad na háiteanna cuimhneacháin seo ar an am atá caite agus obair á déanamh i dtreo an athmhuintearais, mar a leagtar amach sa Chomhaontú.**

**Mhaígh Gerry Adams nach gá go gcinnfeadh an t-am atá caite agus an t-am i láthair an t-am atá le teacht.**

**Tá an fhéidearacht go dtarlódh athaontú na hÉireann fós linn, agus leoithne an athraithe ag éirí níos tréine, go háirithe leis an bhféidearacht go mbeadh an bua ag Sinn Féin sa toghchán atá le teacht i bPoblacht na hÉireann.**

**Sampla don Chatalóin is ea an bhéim a leagtar ar fhéinchinntiúchán agus ar dhaonlathas i gComhaontú Aoine an Chéasta, ag léiriú cé chomh tábhachtach is atá na prionsabail seo chun coimhlintí polaitiúla a shárú.**

**Léiríonn oidhreacht an Chomhaontaithe ról an nirt pholaitiúil agus na comhmhaireachtála síochánta i gcoimhlintí a réiteach. Eiseamlár atá ann ar conas dul i ngleic le heasaontuithe polaitiúla, agus treoir is ea a chuid prionsabal ar an mbóthar i dtreo athmhuintearais agus féinchinntiúcháin, in Éirinn agus níos faide i gcéin.**

# An comhrá ar Éirinn Aontaithe á thógaint chun na Bruiséile

Le hEmma Rainey

Seoladh BXL-Irish Unity i mí na Bealtaine 2023, eagraíocht neamh-chlaonphháirteach saoránach le hoibrithe deonacha as diaspóra na hÉireann ó fud fad oileán na hÉireann, idir thuaidh agus theas, atá bunaithe sa Bhruiséil. Daoine ó chúlraí éagsúla atá ag obair in institiúidí AE, agus sna hearnálacha príobháideacha agus neamhbhrabúis, atá sa togra. Baineann an-éagsúlacht leo siúd a bhfuil baint acu le BXL-Irish Unity - sin le rá go dtacaíonn cuid de na baill le hÉirinn Aontaithe agus go bhfuil baill eile atá fiosrach faoin aontacht. Is é an rud a thógann le chéile sin ná go gcreidimid gur chóir na comhráite ar Éirinn Aontaithe a leathnú amach ón leibhéal náisiúnta chuig leibhéal AE, mar go mbeadh ról tábhachtach ag Ballstáit agus institiúidí ag éascú aontú na hÉireann, dá vótálfaí ar a shon sin i reifreann.

BXL-Irish Unity

I Mí Mheán Fómhair na bliana seo, bhí a chéad imeacht poiblí ag an ngrúpa nuair a roinn Shona Murray, an comhfhreagraí AE ag Euronews, a cuid léargas ar éabhlóid an chomhthéacs i leith Éireann Aontaithe tar éis an Bhreatimeachta. Tháinig daoine ó chúlraí éagsúla gairme agus aoisghrúpaí go dtí an t-imeacht neamhfhoirmiúil líonraithe, daoine a léirigh an-spéis insan obair atá ar bun againn. Chomh maith leis sin, táimid ag obair le páirtithe polaitiúla in Éirinn agus Feisirí Eorpacha le cúpla mí anuas chun dul i ngleic leis an easnamh daonlathach a chruthaigh an Breatimeacht trí ionadaíocht bhreise a éileamh do Thuaisceart Éireann i bParlaimint na hEorpa i bhfoirm stádais breathnóra. Tá cur chun cinn ghuthanna an diaspóra mar chuid de ghníomhaíochtaí BXL-Irish Unity freisin, rud atá lárnach don díospóireacht ar Éirinn Aontaithe, chomh maith leis an gceart vótála a leathnú go dtí saoránaigh Éireannacha atá thar lear i gcás reifrinn. Creidimid go dtugann saoránaigh Éireannacha san Eoraip meoin agus léargais luachmhara ar chruth Éireann nua, agus uaidh sin, is ríthábhachtach go mbeidís rannpháirteach i dTionól Saoránach.

Tá roinnt pleananna ar na bacáin do 2024 chun comhoibriú le heagraíochtaí a bhfuil an dearcadh céanna acu, Ireland's Future agus an New Ireland Commission san áireamh. Díreoimid chomh maith ar chur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta, ag obair le Sinn Féin agus páirtithe eile polaitiúla chun súil a choinneáil ar athruithe i bpolasaí na Breataine i leith Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí i leith forbairt phobail sa Bhruiséil, agus leanfaimid orainn ag obair le daoine i dtuaisceart na hÉireann a bhfuil spéis acu dul isteach san AE arís.

Is féidir níos mó eolais faoi BCL-Irish Unity a fháil ag:
**https://bxl-irishunity.com/**
Lean sinn ar Twitter:
**@BXLirishunity**

# AN BHFUIL TÚ AR AN EOLAS MAIDIR LE hÉIRINN?



**Mícheál Mac Donncha**

Bhí an-tionchar ag dhá réabhlóid mhór ar Éirinn ag deireadh na 18ú haoise - Réabhlóidí Mheiriceá agus na Fraince. Agus braitear a dtionchar fós sa lá atá inniu ann. Bhí Éire faoi Choróin na Breataine ag deireadh na 18ú haoise, á rialú ag oifigigh Bhriotannacha i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí parlaimint gan feidhmeannas, a rinne ionadaíocht ar an uasaicme a bhí i gceannas ar an tír, na huaisle, agus tiarnaí talún an chreidimh Phrotastúnaigh. Úinéirí maoine amháin, a bhí ina mbaill den chreideamh seo, creideamh stáit na Breataine, a bhí in ann seasamh i dtoghchán nó vótáil. Rinne an éilít choilíneach seo díshealbhú ar na dúchasaigh Ghaelacha, a bhí ina gCaitlicigh den chuid is mó, i gcogaí na 17ú haoise. Bhí saibhreas dochreidte in Éirinn na linne sin, bunaithe ar úinéireacht ar eastáit ollmhóra, agus taobh leis seo bhí fíorbhoctaineacht tuaithe agus ainnise sna cathracha agus sna bailte. Ina thaobh seo, bhí an-chosúlacht idir Éirinn agus an Fhrainc roimh an réabhlóid. Chomh maith leis seo, bhí ag éirí leis an lucht trádála agus le hoibrithe oilte uirbeacha. Nuair a tharla Réabhlóid Mheiriceá, spreag sé daoine ar mhian leo saoirse a fháil do thrádáil agus do thráchtáil na hÉireann ó na srianta a chuir rialtas na Breataine i bhfeidhm. Bhí an-chuid tacaíochta in Éirinn do na coilíneachtaí a bhí ag éirí amach, agus mar go raibh an Bhreatain i mbun cogaidh leo, d'éirigh leis an mbrú a cuireadh ar rialtas na Breataine breis cumhachtaí a thabhairt do Pharlaimint na hÉireann agus na srianta trádála a laghdú.

Mar sin féin, níor athraigh sé seo bunús an rialtais in Éirinn - bunús coilíneach, seeicteach agus aicme. Ansin, tharla Réabhlóid na Fraince agus bunaíodh Cumann na nÉireannach Aontaithe i 1791 mar gheall ar a tionchar. Bhí sé mar sprioc aige Éireannach ó gach creideamh a aontú, fáil réidh leis an seicteachas, agus neamhspleáchas polaitiúil na hÉireann a bhaint amach.

Nuair a chuir rialtas na Breataine na hÉireannaigh Aontaithe faoi chois, d'iompaigh siad ar an bhFrainc réabhlóideach chun cúnamh míleata a fháil chun saoirse na hÉireann a bhaint amach. Chuaigh a gceannaire Theobald Wolfe Tone go Páras agus d'éirigh leis tacaíocht a fháil ón Díreachtóireacht. Seoladh sluaíochtaí Francacha ar an bhfarraige chun na hÉireann i 1796 agus 1798 - níor éirigh leis an gcéad cheann teacht i dtír, agus bhí an dara ceann róbheag chun aon tionchar a bheith aici. Ainneoin na mbuillí seo, d'éirigh na hÉireannach Aontaithe amach i 1798 le Poblacht Éireann mar sprioc acu. Throid Caitlicigh agus Protastúnaigh taobh le taobh ar son saoirse na hÉireann. Chuir rialtas na Breataine an chéad Réabhlóid Éireannach faoi chois go brúidiúil agus maraíodh na mílte. 225 bliain ó shin, i Mí na Samhna 1798, rugadh ar Wolfe Tone, cuireadh faoi thriail é agus cuireadh isteach sa phríosún é. Fuair sé bás i ngéibheann. Ag a thriail dúirt sé:
"Ó thosach m'óige, táim den tuairim gurb é sciúirse náisiún na hÉireann an nasc leis an mBreatain Mhór, agus táim cinnte, a fhad a mhairfidh sé, nach bhféadfadh sí bheith saor ná sona."

Bí ar an eolas fúinn ar Twitter - lean
@sinnfeinireland @SFIntDept

Mary Lou McDonald TD
@MaryLouMcDonald

Michelle O'Neill MLA
@moneillsf

Sinn Féin
@sinnfeinireland